Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Meitheamh 2025**
**(OR. en)**

**9587/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0148(NLE)**

**ECOFIN 633**
**UEM 182**
**FIN 595**
***ECB***
***EIB***

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na hIodáile |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021**
**maidir le formheas an mheasúnaithe ar Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na hIodáile**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

1 IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don Iodáil an plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta a chur isteach an 30 Aibreán 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 13 Iúil 2021, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin chinneadh cur chun feidhme ('Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle[2] an 13 Iúil 2021'). Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 le cinntí cur chun feidhme ón gComhairle an 19 Meán Fómhair 2023[3], an 8 Nollaig 2023[4], an 14 Bealtaine 2024[5] agus an 18 Samhain 2024[6].

(2) An 21 Márta 2025 rinne an Iodáil iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiúin moladh a dhéanamh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh de bharr imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an Iodáil.

***Leasuithe ar bhonn Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241.***

(3) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Iodáil isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 67 bheart.

---

2 Féach doiciméid ST 10160/21 agus ST 10160/21 ADD 1 REV 2 ag http://register.consilium.europa.eu.

3 Féach doiciméid ST 12259/23 INIT ag http://register.consilium.europa.eu.

4 Féach doiciméid ST 16051/23 INIT; ST 16051/23 ADD 1 agus ST 16051/23 ADD 1 REV 1 (ga) ag http://register.consilium.europa.eu.

5 Féach doiciméid ST 9399/24 INIT agus ST 9399/24 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

6 Féach doiciméid ST 15114/24 INIT agus ST 15114 ADD 1 REV 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

(4) Tá sé mínithe ag an Iodáil nach féidir dhá bheart a bhaint amach ina n-iomláine a thuilleadh, de bharr easpa éilimh nó athrú ar an éileamh. Baineann an méid sin le M2C2-51 faoi Infheistíocht 3.2, (Úsáid na Hidrigine i dtionscal is deacair a dhícharbónú), faoi Mhisean 2, Comhchuid 2; agus M7-18, M7-20 agus M7-21 faoi infheistíocht 6 (Idirnaisc leictreachais thrasteorann idir an Iodáil agus tíortha comharsanacha) faoi Mhisean 7. Ar an mbonn sin, d'iarr an Iodáil síneadh a chur le hamlíne chur chun feidhme M7-20 agus M7-21 . Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(5) Tá sé mínithe ag an Iodáil nach féidir sé bheart a bhaint amach ina n-iomláine a thuilleadh, de bharr suaitheadh sa slabhra soláthair. Baineann an méid sin le M3C1-5 agus M3C1-6 faoi Infheistíocht 1.1 (Naisc iarnróid ardluais ó Dheas le haghaidh paisinéirí); M3C1-9 faoi infheistíocht 1.2 (Línte ardluais lena nasctar Tuaisceart na hIodáile leis an gcuid eile den Eoraip); M3C1-11 faoi Infheistíocht 1.3, (Naisc thrasnánacha agus lasta), tuairisc ar an mbeart faoi Infheistíocht 1.5 (Nóid mheitreapholaiteacha a neartú); tuairisc ar an mbeart faoi Infheistíocht 1.6 (Línte réigiúnacha a neartú – Iarnróid réigiúnacha a uasghrádú (bainistíocht Rete Ferroviaria Italiana); agus M3C1-17bis faoi Infheistíocht 1.7 (Uasghrádú, leictriú agus athléimneacht na n-iarnród i nDeisceart na hIodáile agus príomhnaisc náisiúnta) faoi Mhisean 3, Comhchuid 1. Ar an mbonn sin, d'iarr an Iodáil na clocha míle agus na spriocanna sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(6) Tá sé mínithe ag an Iodáil nach féidir M2C2-4 faoi Infheistíocht 1.4, (Bithmheatán a fhorbairt, de réir na gcritéar chun an geilleagar ciorclach a chur chun cinn), a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh, de bharr boilsciú ard. Ar an mbonn sin, d'iarr an Iodáil an sprioc sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(7) Tá sé mínithe ag an Iodáil nach féidir M5C2-16 faoi Infheistíocht 5 (Pleananna Uirbeacha Comhtháite – Lonnuithe mídhleathacha chun dúshaothrú saothair sa talmhaíocht a chomhrac) faoi Mhisean 5, Comhchuid 2, a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh, de bharr athruithe neamhthuartha ar an daonra i lonnuithe mhídhleathacha, athruithe a bhfuil gá le nósanna imeachta ullmhúcháin níos faide dá ndeasca. Ar an mbonn sin, d'iarr an Iodáil síneadh a chur le hamlíne chur chun feidhme na sprice sin. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(8) Tá sé mínithe ag an Iodáil go ndearnadh 37 bheart a mhodhnú chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme chun uaillmhian bhunaidh na mbeart sin a bhaint amach. Baineann an méid sin le: M1C1-18 agus M1C1-27 faoin Infheistíocht 1.3.1 (Ardán sonraí digiteacha náisiúnta); M1C1-23 faoin Infheistíocht 1.4.6 (Soghluaisteacht mar sheirbhís le haghaidh na hIodáile), M1C1-49 agus M1C1-50 faoin Infheistíocht 1.8 (Nósanna imeachta nua le haghaidh cúirteanna riaracháin); M1C1-60 faoi Athchóiriú 1.9 (Athchóiriú ar an riarachán poiblí); M1C1-72ter agus M1C1-72quater faoin mbeart Athchóiriú 1.11 (Laghdú a dhéanamh ar íocaíochtaí déanacha ag riaracháin phoiblí agus údaráis sláinte); M1C1-73ter, M1C1-84bis, M1C1-98 agus M1C1-98bis faoi Athchóiriú 1.10 (Athchóiriú an chreata reachtaigh um sholáthar poiblí); M1C1-144 faoin Infheistíocht 1.4.2 (Cuimsiú saoránach – Rochtain ar sheirbhísí digiteacha poiblí a fheabhsú), M1C1-145, M1C1-146 faoin Infheistíocht 1.4.4 (Uas-scálú ar ghlacadh na nArdán Céannachta Digití Náisiúnta (SPID, CIE) agus na clárlainne náisiúnta (ANOR)) faoi Mhisean 1, Comhchuid 1; M1C2-11, M1C2-12 agus M1C2-13 faoi Athchóiriú 2 (Dlíthe Bliantúla Iomaíochta); M1C2-15 faoi Infheistíocht 2 (Nuálaíocht agus teicneolaíocht na micrileictreonaice) faoi Misean 1, Comhchuid 2;

M1C3-3 faoi Infheistíocht (1.2 Deireadh a chur le bacainní fisiceacha agus cognaíocha i músaeim, leabharlanna agus cartlanna chun go mbeidh rochtain níos leithne ar an gcultúr agus rannpháirtíocht níos leithne ann); M1C3-18 faoi Infheistíocht 2.3 (Cláir chun céannacht áiteanna, páirceanna agus gairdíní stairiúla a fheabhsú) faoi Mhisean 1, Comhchuid 3; M2C1-16ter faoi Infheistíocht 1.1 (Monarchana nua bainistithe dramhaíola a chur chun feidhme agus monarchana atá ann cheana a nuachóiriú); agus M2C1-23 faoi Infheistíocht 3.4 (Fondo Rotativo Contratti di Filiera (FCF) chun tacú le conarthaí slabhra soláthair don earnáil agraibhia, don earnáil iascaireachta agus dobharshaothraithe, d'earnáil na foraoiseachta, d'earnáil na bláthadóireachta agus d'earnáil na bplandlann) faoi Mhisean 2, Comhchuid 1; M2C2-28 agus M2C2-29 faoi Infheistíocht 4.3 (Bonneagair athluchtúcháin a shuiteáil); M2C2-38bis, M2C2-39 agus M2C2-40 faoi Infheistíocht 5.1 (Foinsí in-athnuaite agus cadhnraí); M2C2-42bis agus M2C2-43 faoi Infheistíocht 5.4 (Tacaíocht do ghnólachtaí nuathionscanta agus caipiteal fiontair atá gníomhach san aistriú éiceolaíoch); M2C2-44 faoi Infheistíocht 1.1 (Córais agra-voltacha a fhorbairt), M2C2-47 faoi Infheistíocht 1.2 (Foinsí fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn le haghaidh pobail fuinnimh agus foinsí fuinnimh in-athnuaite atá ag gníomhú go comhpháirteach a chur chun cinn le haghaidh táirgeoirí is tomhaltóirí) faoi Mhisean 2, Comhchuid 2; M4C1-19 faoi Infheistíocht 3.2 (Scoil 4.0: scoileanna nuálacha, sreangú, seomraí ranga agus ceardlanna nua); M4C1-23 faoi Infheistíocht 3.4 (Scileanna teagaisc agus ardscileanna ollscoile); M4C1-24 faoi Infheistíocht 1.6 (Treoir ghníomhach san aistriú idir scoil agus ollscoil); M4C1-25 faoi Infheistíocht 1.4 (Idirghabháil urghnách arb é is aidhm di bearnaí críocha a laghdú i dtimthrialla I agus II den mheánoideachas agus aghaidh a thabhairt ar luathfhágáil scoile); faoi Mhisean 4, Comhchuid 1; M4C2-1bis faoi Infheistíocht 1.2 (Tionscadail a chuireann taighdeoirí óga i láthair a mhaoiniú); M4C2-3 faoi Infheistíocht 3.3 (Dochtúireachtaí nuálacha a thabhairt isteach a fhreagraíonn do riachtanais na nuálaíochta atá ag fiontair agus a chuireann earcú taighdeoirí chun cinn i gcás cuideachta), M4C2-21 agus M4C2-21bis faoi Infheistíocht 3.2 (Gnólachtaí nuathionscanta a mhaoiniú) faoi Mhisean 4, Comhchuid 2;

M5C1-14 faoi Infheistíocht 2 (Córas deimhniúcháin um chomhionannas inscne) faoi Mhisean 5, Comhchuid 1; M5C2-18 faoi Infheistíocht 5 (Pleananna Uirbeacha Comhtháite - Ciste Cístí BEI) faoi Mhisean 5, Comhchuid 2; M5C3-9 faoi Infheistíocht 1.3 (Idirghabhálacha sochoideachasúla struchtúrtha chun an bhochtaineacht oideachais a chomhrac i nDeisceart na hIodáile agus tacaíocht a thabhairt don Tríú hEarnáil) faoi Mhisean 5, Comhchuid 3; M6C1-6 faoi Infheistíocht 1.2 (An Baile mar an chéad áit chúraim agus teilileighis, faoi Mhisean 6, Comhchuid 1; M6C2-2 agus M6C2-3 faoi Infheistíocht 2.1 (Taighde bithleighis an Chórais Sláinte Náisiúnta a neartú agus a fheabhsú) faoi Mhisean 6, Comhchuid 2; M7-1 faoi Athchóiriú 1 (Nósanna imeachta ceadúnúcháin a chuíchóiriú le haghaidh fuinneamh in-athnuaite ar an leibhéal lárnach agus áitiúil); M7-7 faoi Athchóiriú 4 (Maolú ar an riosca airgeadais a bhaineann le Comhaontaithe Ceannaigh Cumhachta (PPAnna)); Infheistíocht 16 (Tacaíocht do FBManna le haghaidh féintáirgeadh ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite, M7-46, M7-47, M7-48 agus M7-49) faoi Infheistíocht 17 (Ionstraim airgeadais chun bochtaineacht fuinnimh a mhaolú, le haghaidh athchóirithe fuinnimh ar thithíocht chónaitheach phoiblí agus tithíocht shóisialta, agus teaghlaigh ar íseal-ioncam agus teaghlaigh íogaire) faoi Mhisean 7. Ar an mbonn sin, d’iarr an Iodáil na clocha míle agus spriocanna sin a leasú. Thairis sin,d’iarr an Iodáil deireadh a chur leis na clocha míle agus spriocanna seo a leanas: cloch mhíle M1C1-61 faoi Athchóiriú 1.9 (Athchóiriú ar an riarachán poiblí); spriocanna M1C1-64 agus M1C1-65 faoi Infheistíocht 1.9 (Cúnamh teicniúil a sholáthar agus fothú acmhainneachta a neartú le haghaidh chur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na hIodáile) faoi Mhisean 1, Comhchuid 1; cloch mhíle M1C2-30 agus spriocanna M1C2-31 agus M1C2-32 faoi Infheistíocht 7 (Tacaíocht don chóras táirgthe don Aistriú Éiceolaíoch, Teicneolaíochtaí Glan-nialasacha, agus iomaíochas agus athléimneacht slabhraí soláthair straitéiseacha) faoi Mhisean 1, Comhchuid 2; spriocanna M2C2-29bis, M2C2-30bis agus M2C2-30ter faoi M2C2 Infheistíocht 4.3.1 (Bonneagair athluchtúcháin a shuiteáil) faoi Mhisean 2, Comhchuid 2;

sprioc M5C1-13 faoi Infheistíocht 2 (Córas deimhniúcháin um chomhionannas inscne) faoi Mhisean 5, Comhchuid 1; agus cloch mhíle M7-8 faoi Athchóiriú 4 (Maolú ar an riosca airgeadais a bhaineann le Comhaontaithe Ceannaigh Cumhachta (PPAnna)) faoi Mhisean 7. Thairis sin, d'iarr an Iodáil na clocha míle agus spriocanna seo a leanas a thabhairt isteach: cloch mhíle M1C2-13bis faoi Athchóiriú 2 (Dlíthe Bliantúla Iomaíochta) faoi Mhisean 1, Comhchuid 2; sprioc M3C1-5 faoi Infheistíocht 1.1 (Naisc iarnróid ardluais ó Dheas le haghaidh paisinéirí agus lasta); agus sprioc M4C2-3bis faoi Infheistíocht 3.3 (Dochtúireachtaí nuálacha a thabhairt isteach a fhreagraíonn do riachtanais na nuálaíochta atá ag fiontair agus a chuireann earcú taighdeoirí chun cinn i gcás cuideachtaí). Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(9) Mhínigh an Iodáil go ndearnadh 20 beart a leasú chun rogha mhalartach níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú agus cuspóirí an bhirt lena mbaineann á mbaint amach an tráth céanna. Baineann an méid sin le: hInfheistíocht 1.6 (Claochlú digiteach ar an mór-riarachán lárnach), M1C1-43 agus M1C1-44 faoi Athchóiriú 1.4 (Athchóiriú an cheartais shibhialta),;M1C1-155 faoi Infheistíocht 1.6.3 (an Institiúid Náisiúnta Slándála Sóisialta (INPS) agus an Institiúid Náisiúnta um Árachas i gcoinne Tionóiscí ag an Obair (INAIL)) a dhigitiú faoi Mhisean 1, Comhchuid 1; M1C3-27 faoi Infheistíocht 4.3 (Caput Mundi Next Generation EU le haghaidh imeachtaí turasóireachta den scoth) faoi Mhisean 1, Comhchuid 3; M2C2-34 agus M2C2-35 faoi Infheistíocht 4.4.1 (Flít busanna iompair phoiblí réigiúnach a neartú le busanna íseal-urláir astaíochtaí nialasacha); M2C2-34bis agus M2C2-35bis faoi Infheistíocht 4.4.2 (An flít iarnróid iompair phoiblí réigiúnach a neartú le traenacha astaíochtaí nialasacha agus seirbhís uilíoch) faoi Mhisean 2, Comhchuid 2; M2C3-8 faoi Infheistíocht 1.2 (Tógáil foirgneamh, sócmhainní réadmhaoin phoiblí a athcháiliú agus a neartú a úsáideann riar an cheartais go páirteach nó go hiomlán) faoi Mhisean 2, Comhchuid 3;

M2C4-11bis faoi Infheistíocht 2.1 (Bearta chun riosca tuilte agus an riosca hidreolaíoch a laghdú); M2C4-34, M2C4-24bis, M2C4-35 agus M2C4-35bis faoi Infheistíocht 4.3 (Infheistíochtaí in athléimneacht an agraichórais uisciúcháin chun acmhainní uisce a bhainistiú ar bhealach níos fearr) faoi Mhisean 2, Comhchuid 4; M3C1-19 agus M3C1-20 faoi Infheistíocht 1.8 (Stáisiúin traenach a uasghrádú (bainistíocht Rete Ferroviaria Italiana (RFI); i nDeisceart na hIodáile)) faoi Mhisean 3, Comhchuid 1; M3C2-7 faoi Infheistíocht 2.3 (Nascadh) faoi Mhisean 3, Comhchuid 2; M4C1-12 faoi Infheistíocht 4.1 (Síneadh leis an líon dochtúireachtaí agus leis na deiseanna gairme a bhaineann leo (Taighde-dhírithe, Riarachán Poiblí agus Oidhreacht Chultúrtha)); M4C1-17 agus M4C1-16 faoi Infheistíocht 3.1 (Scileanna nua agus teangacha nua); M4C1-20 faoi Infheistíocht 1.5 (An córas gairmoiliúna treasaí a fhorbairt), faoi Mhisean 4, Comhchuid 1; M5C1-15bis agus M5C1-16 faoi Infheistíocht 4 (An tSeirbhís Shibhialta Uilíoch a neartú) faoi Mhisean 5, Comhchuid 1; M5C3-12 agus an tuairisc ar an mbeart faoi Infheistíocht 1.4 (Infheistíochtaí bonneagair le haghaidh an Limistéir Eacnamaíoch Speisialta faoi Mhisean 5, Comhchuid 3; M6C2-12 faoi Infheistíocht 1.3 (An bonneagair teicneolaíochta agus na huirlisí chun sonraí a bhailiú agus a phróiseáil, a anailísiú agus a ionsamhlú) faoi Mhisean 6, Comhchuid 2; M7-4 faoi Athchóiriú 2: (Fóirdheontais atá Díobhálach don Chomhshaol); Infheistíocht, M7-14 agus M7-15 faoi Infheistíocht 4 (Nasc Mhuir Thoirian); M7-16 faoi Infheistíocht 5 (SA.CO.I.3); agus M7-31 faoi Infheistíocht 11 (An flít iarnróid iompair phoiblí réigiúnach a neartú le traenacha astaíochtaí nialasacha agus seirbhís uilíoch) faoi Mhisean 7. Ar an mbonn sin, d’iarr an Iodáil go faisnéis chúlra nó eilimintí nós imeachta nach bhfuil gá leo agus nach rannchuidíonn le cuspóirí na mbeart a bhaint, gnéithe áirithe a bhaineann le cuspóirí nó le comhthéacs na mbeart a shoiléiriú, agus tuairisc ar bhearta nó ar chlocha míle agus ar spriocanna a chruthaíonn ualach riaracháin gan údar a shimpliú i ndáil le cuspóirí na mbeart faoi seach a bhaint amach. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(10) Tar éis na leasuithe ar bhearta faoi Airteagal 21 de Rialachán (EU) 2021/241, d'iarr an Iodáil chomh maith go dhá bheart nua a chur leis. Baineann an méid sin le sprioc M2C2-30 faoin Infheistíocht 4.5 (An clár chun na flíteanna feithiclí príobháideacha agus na bhfeithiclí tráchtála éadroma a athnuachan le feithiclí leictreacha) faoi Mhisean 2, Comhchuid 2; agus clocha míle M3C1-25 agus M3C1-26 faoi Athchóiriú 1.3 (Éifeachtúlacht an bhonneagair iarnróid a mhéadú san Iodáil) faoi Mhisean 3, Comhchuid 1. Ar an mbonn sin, d'iarr an Iodáil na clocha míle agus na spriocanna sin a chur leis. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(11) Measann an Coimisiún, leis na cúiseanna arna gcur chun cinn ag an Iodáil, go bhfuil údar maith leis na leasuithe de bhun Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2021/241. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

***Dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna***

(12) Ba cheart dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna i dtráthchodanna a leasú chun na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus an amlíne tháscach a chuir an an Iodáil i láthair a chur san áireamh.

*Ceartúchán ar earráidí cléireachais*

(13) Sainaithníodh 11 earráid chléireachais i dtéacs an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021, lena ndéantar difear d'ocht gcloch mhíle/sprioc agus do sheacht mbeart faoi chúig chomhchuid. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú chun na hearráidí cléireachais sin a cheartú, earráidí nach léiríonn ábhar an phlean téarnaimh agus athléimneachta a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 30 Aibreán 2021, mar a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus an Iodáil. Baineann na hearráidí cléireachais sin le: M1C1-20 faoin Infheistíocht 1.5 (Cibearshlándáil); M1C1-139 agus M1C1-147 faoin Infheistíocht 1.2 (Cumasú néal le haghaidh LÍ áitiúla), M1C1-140 faoi Infheistíocht 1.4.1 (Taithí na saoránach – Feabhas ar cháilíocht agus ar inúsáidteacht seirbhísí poiblí digiteacha, M1C1-143 faoi Infheistíocht 1.6.4 (Digitiú na Haireachta Cosanta) faoi Mhisean 1, Comhchuid 1; M1C2-19 faoi Infheistíocht 3.1 (Oileáin ghlasa);M1C2-23 faoin Infheistíocht 4 (Teicneolaíocht satailíte agus an Geilleagar spáis) faoi Mhisean 1, Comhchuid 2; M2C4-22 agus M2C4-23 faoin Infheistíocht 3.3 (Timpeallacht limistéar na Po a athbhunú ag féachaint don dúlra) faoi Mhisean 2, Comhchuid 4; an tuairisc ar Infheistíocht 1.3 (Sonraí agus idir-inoibritheacht faoi Mhisean 1, Comhchuid 1; agus an tuairisc ar Infheistíocht 7 – (Spórt agus Cuimsiú Sóisialta faoi) Mhisean 5, Comhchuid 2. Ní dhéanann na ceartúcháin sin difear do chur chun feidhme na mbeart lena mbaineann.

*Measúnú ón gCoimisiún*

(14) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

***Bearta a bhfuil gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta ag baint leo***

(15) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (db), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.13 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá coinne leis go mbeidh gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta ag baint go mór (rátáil A) leis na bearta a áirítear sa chaibidil REPowerEU.

(16) Na leasuithe a dhéanann difear do bhearta lena mbaineann gné thrasteorann nó iltíortha nó imní faoi leibhéil Infheistíocht 6 (Tionscadail idirnasctha leictreachais trasteorann idir an Iodáil agus tíortha comharsanacha) faoi Mhisean 7. Ní dhéanann raon teoranta na leasuithe difear do mheasúnú foriomlán an chritéir seo.

***Rannchuidiú leis an aistriú glas lena n-áirítear an bhithéagsúlacht***

(17) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) ó thaobh an aistrithe ghlais de, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin. An méid airgid a ghabhann leis na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide, 39,5 % de leithdháileadh iomlán an phlean leasaithe atá ann, agus 75,7 % de chostais mheasta iomlána na mbeart sa chaibidil REPowerEU atá ann, costas arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide don tréimhse 2021–2030.

(18) Na leasuithe ar an rannchuidiú leis an aistriú glas, baineann siad leis an méadú ar an leithdháileadh le haghaidh Infheistíocht 1.4 (Bithmheatán a fhorbairt) faoi Mhisean 2, Comhchuid 2, agus ar an laghdú comhfhreagrach ar leithdháileadh Infheistíocht 3.2 (Úsáid na hidrigine i dtionscal is deacair a dhícharbónú), faoi Mhisean 2, Comhchuid 2. De bhreis air sin, an clúdach le haghaidh Infheistíocht 4.3 (Laghdaíodh suiteáil bonneagar athluchtúcháin) faoi Mhisean 2, Comhchuid 2, agus leithdháileadh an méid comhfhreagrach ar Infheistíocht 4.5 (An clár chun na flíteanna feithiclí príobháideacha agus na bhfeithiclí tráchtála éadroma a athnuachan le feithiclí leictreacha; tá an infheistíocht sin nua agus tá an dá infheistíocht faoi Mhisean 2, Comhchuid 2. Infheistíocht 7 (Tacaíocht don chóras táirgthe don Aistriú Éiceolaíoch, Teicneolaíochtaí Glan-nialasacha, agus iomaíochas agus athléimneacht slabhraí soláthair straitéiseacha) faoi Mhisean 1, Comhchuid 2, rinneadh í a chumascadh le hInfheistíocht 5.1 (Foinsí in-athnuaite agus cadhnra) faoi Mhisean 2, Comhchuid 2. Ní féidir laghdú teoranta ar na trí bheart a bhaint amach ina iomláine de bharr shuaitheadh an tslabhra soláthair faoi Mhisean 3, Comhchuid 1 Infheistíocht 1.1 (Naisc iarnróid ardluais ó Dheas le haghaidh paisinéirí), Infheistíocht 1.2 (Línte ardluais lena nasctar Tuaisceart na hIodáile leis an gcuid eile den Eoraip) agus Infheistíocht 1.3 (Rinneadh Naisc thrasnánacha agus lasta) – a chúiteamh go páirteach le méadú ar dháileadh Infheistíocht 1.9 (Naisc idir-réigiúnacha). Ar an iomlán, de bharr na difríochtaí in ábhar clibeála aeráide an bhirt mhéadaithe agus na mbeart laghdaithe, tá glan-mhéadú ar an rannchuidiú foriomlán 0,1 % go 39,5 % ó 39.4 % le sprioc aeráide an phlean i gceist leis na leasuithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hIodáile. Ní dhéanann raon teoranta na leasuithe difear do mheasúnú foriomlán an chritéir seo.

*Rannchuidiú leis an aistriú digiteach*

(19) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú digiteach nó a thugann aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le méid arb é atá ann 25,5 % de leithdháileadh iomlán an phlean leasaithe arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241.

(20) Na leasuithe a dhéanann difear do bhearta a bhfuil gné dhigiteach i gceist leo, is le beagán beart as Misean 1, Comhchuid 1 amháin a bhaineann siad. Ní dhéanann raon teoranta na leasuithe difear do mheasúnú foriomlán an chritéir seo.

*Costáil*

(21) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an t-údar a thugtar sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe maidir le méid na gcostas iomlán measta a bhaineann leis an bplean, tá an t-údar sin measartha maidir lena réasúnta agus a inchreidte atá sé (rátáil B), tá sé i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúla agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(22) Tá méid chostais measta iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomhréir le cineál agus nádúr na n-athchóirithe agus infheistíochtaí atá beartaithe. Dá bhrí sin, meastar gur réasúnta agus inchreidte iad na meastacháin chostais le haghaidh fhormhór na mbeart sa phlean leasaithe. Tá faisnéis agus fianaise leordhóthanach curtha ar fáil ag an Iodáil nach bhfuil méid na gcostas measta iomlán cuimsithe le maoiniú reatha nó beartaithe an Aontais. Ar deireadh, tá costas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomhréir le prionsabal na cost-éifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta. Dá bhrí sin, tá údar le rátáil B i gcás an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

***Aon chritéir mheasúnaithe eile***

(23) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Iodáil chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 i ndáil le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (b), (c), (d), (da), (g), (h), (j) agus (k) de Rialacháin (AE) 2021/241 .

***Bearta lena dtacaítear le hoibríochtaí infheistíochta a rannchuidíonn le cuspóirí an Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP)***

(24) I gcomhréir le hAirteagal 4(4) de Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7], mheas an Iodáil gur tionscadail tosaíochta iad na tionscadail sin ar bronnadh Séala Ceannasachta orthu de bhun Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2024/795. Mar sin féin, níor áirigh an Iodáil aon tionscadal ar ar bronnadh Séala Ceannasachta le bheith ina chuid den phlean téarnaimh agus athléimneachta, mar go bhfuiltear i mbun an mheasúnaithe faoi láthair lena ndéanfar amach a mhéid a chomhlíonann na tionscadail sin Rialachán (AE) 2021/241 agus na rialacha maidir le státchabhair agus go bhfuil sé róluath iad a chur isteach sa phlean i láthair na huaire, mar nár fíoraíodh a n-incháilíocht go hiomlán fós.

***Measúnú dearfach***

(25) Tar éis don Choimisiún measúnú dearfach a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe leis an gcinneadh go gcomhlíonann an plean téarnaimh agus athléimneachta go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chur chun feidhme, ba cheart iad a leagan amach, iad sin agus na clocha míle, na spriocanna agus na táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas i bhfoirm tacaíochta airgeadais neamh-inaisíoctha le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

---

[7] Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE agus Rialacháin (AE) 2021/1058, (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1057, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697 agus (AE) 2021/241 (IO L, 2024/795, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/795/oj).

*Rannchuidiú airgeadais*

(26) Is é EUR 194,415,941,466 costas iomlán measta phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na hIodáile. Ós rud é go bhfuil méid chostais iomlána mheasta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil don Iodáil, ba cheart an ranníocaíocht airgeadais iomlán arna ríomh i gcomhréir le hAirteagail 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241 arna leithdháileadh ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na hIodáile a bheith comhionann le EUR 71,779,623,788.

*Iasachtaí*

(27) Níl aon athrú ar an tacaíocht iasachta a cuireadh ar fáil don Iodáil dar luach EUR 810,400.

(28) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 sin a ionadú go hiomlán,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hIodáile mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

*'Airteagal 1*
*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta leasaithe na hIodáile a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta, na socruithe agus an t-amchlár i ndáil le faireachán a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus é a chur chun feidhme, lena n-áirítear na clocha míle agus na spriocanna ábhartha agus na clocha míle agus spriocanna breise a bhaineann le híocaíocht na tacaíochta airgeadais neamh-inaisíoctha, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na gcloch míle agus na spriocanna atá beartaithe, agus na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.';

(2) cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh sin in ionad na hIarscríbhinne.

*Airteagal 2*

Is chuig Poblacht na hIodáile a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*